Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13238/20**

**EDUC 417**
**JEUN 125**
**DIGIT 132**
**COMPET 580**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12809/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an oideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an oideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa arna bhformheas ag an gComhairle an 24 Samhain 2020 trí nós imeachta i scríbhinn.

Cuirfear na conclúidí seo ar aghaidh lena bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 18 Samhain 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an oideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI:

1. An cúlra polaitiúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID SEO A LEANAS:

2. Neart Eorpach atá bunaithe ar luachanna daonlathacha agus ar choincheap na tuisceana is ea an t-oideachas agus an oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta. Le dáileadh forleathan na dteicneolaíochtaí digiteacha agus leis an rochtain ar an idirlíon, bíonn deiseanna agus dúshláin nua ar fáil.

3. Tá luasghéarú ag teacht ar an gclaochlú digiteach inár sochaithe eolais agus leis sin tá infhaighteacht seirbhísí digiteacha agus sonraí ag méadú. Áirítear air sin margadh saothair atá ag athrú mar aon le próifílí poist nua agus éileamh ar inniúlachtaí digiteacha[1] i gcomhthéacs scileanna an 21ú haois. Le tionchar na hintleachta saorga[2], tionchar atá ag méadú, méadófar éifeachtaí chlaochlú digiteach ár sochaithe eolais san fhadtéarma, agus d'fhéadfadh sé deiseanna nua foghlama, teagaisc agus oiliúna a bhfuil gealladh fúthu a chur ar fáil amach anseo. Tá oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta ríthábhachtach chun an chumhacht a thabhairt do gach duine aonair agus do gach saoránach páirt a ghlacadh sna forbairtí sin agus iad a mhúnlú.

---

[1] Mar a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le *Council Recommendation on key competences for lifelong learning* (2018/C 189/01) [Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil], is éard atá i gceist leis an inniúlacht dhigiteach an úsáid mhuiníneach, chriticiúil agus fhreagrach a bhaintear as na teicneolaíochtaí digiteacha, agus dul i ngleic leo, ar mhaithe leis an bhfoghlaim, ag an obair, agus le bheith rannpháirteach sa tsochaí. Cuimsítear léi litearthacht faisnéise agus sonraí, cumarsáid agus comhoibriú, litearthacht sna meáin, cruthú ábhair dhigitigh (lena n-áirítear ríomhchlárú), sábháilteacht (lena n-áirítear an dea-bhail dhigiteach agus inniúlachtaí digiteacha a bhaineann leis an gcibearshlándáil), ceisteanna a bhaineann le maoin intleachtúil, réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht chriticiúil.

[2] Is é atá i gceist leis an intleacht shaorga (IS) córais TF a léiríonn iompar cliste trí anailís a dhéanamh ar a dtimpeallacht agus trí ghníomhaíocht a dhéanamh – le leibhéal neamhspleáchais de chineál éigin – chun spriocanna sonracha a bhaint amach.

4. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an tionchar leanúnach atá aici ar chórais agus institiúidí oideachais agus oiliúna, leagtar béim ar an ngéarghá le tuiscint níos fearr agus meastóireacht leanúnach ar úsáidí, sochair agus dúshláin na dteicneolaíochtaí digiteacha oideachais[3], agus ar leibhéil na n-inniúlachtaí digiteacha, i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil freisin.

5. Le paindéim COVID-19, leagtar béim níos láidre ar an ngéarghá le cur chuige iomlánaíoch maidir leis an oideachas digiteach. Chun freastal ar na héilimh atá ann faoi láthair, is éard atá i gceist le hoideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta ná foirmeacha foghlama agus oiliúna digiteacha agus neamhdhigiteacha, lena n-áirítear cur chuige amhail an fhoghlaim chumaisc[4] agus an chianfhoghlaim[5]. Leis sin, bíonn deis ann feabhas a chur ar an oideachas agus oiliúint atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, de réir riachtanais shonracha an duine aonair.

6. Is réamhriachtanas é an t-oideachas digiteach[6] chun cuidiú leis an gclaochlú digiteach a mhúnlú, chun oideachas agus oiliúint leanúnach agus foghlaim ar feadh an tsaoil a shaothrú agus chun oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta a chumasú do chách. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuirfear san áireamh an ghné shochaíoch den oideachas digiteach agus é a thuiscint mar chuid de mhórchlaochlú cultúrtha. Is ionann an claochlú cultúrtha seo agus an bhunchloch lena mbeidh gach duine aonair agus gach saoránach in ann sonraí, teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagair a úsáid go muiníneach agus ar bhealach sábháilte, agus urraim á tabhairt do rialacha cosanta sonraí, agus lena mbeidh siad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i gcinntí polaitiúla, forbairtí sochaíocha agus an margadh saothair.

---

[3] Chun críoch na gconclúidí seo, sainmhínítear na teicneolaíochtaí digiteacha mar theicneolaíochtaí lenar féidir feidhmíocht an fhoghlaimeora a éascú, a thuiscint agus a fheabhsú trí phróisis agus acmhainní teicneolaíocha iomchuí a chruthú, a úsáid agus a bhainistiú.

[4] Sa chomhthéacs sin, tuigtear gur cur chuige oideolaíoch í an fhoghlaim chumaisc, ina ndéantar foghlaim aghaidh ar aghaidh agus foghlaim ar líne a mheascadh le méid áirithe smachta ag an bhfoghlaimeoir ar na nithe seo a leanas: am, áit, conair agus luas.

[5] Chun críoch na gconclúidí seo, sainmhínítear an chianfhoghlaim mar mhodh foghlama lenar féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a eagrú agus a chur ar fáil i gcéin (e.g. trí acmhainní raidió, teilifíse**,** idirlín nó leictreonacha a úsáid).

[6] Tá dhá dhearcadh éagsúla ach comhlántacha san oideachas digiteach: úsáid oideolaíoch na dteicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú agus chun iad a fheabhsú, agus forbairt na n-inniúlachtaí digiteacha ag foghlaimeoirí agus ag baill foirne oideachais agus oiliúna.

7. Ba cheart don oideachas digiteach a bheith dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus ba cheart dó tacú le gach duine aonair agus gach saoránach a bpearsantacht agus a scileanna a fhorbairt go muiníneach, gan bhac agus go freagrach. Mar chuid lárnach den oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta, ba cheart don oideachas digiteach a bheith tiomanta do phrionsabal na sláine agus ba cheart dó muinín a bheith aige as cáilíocht an oideachais féin. Ba cheart dó freisin rannchuidiú le rochtain níos fearr ar ábhair agus oideolaíochtaí oideachais, le cuimsiú sóisialta níos fearr agus le sealbhú níos fearr inniúlachtaí, rud lena gcuirfear chun cinn rath oideachais do chách. Leis an oideachas digiteach, ba cheart a chur san áireamh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga, agus a gcur i bhfeidhm a bheadh sábháilte, fónta ó thaobh na hoideolaíochta de agus eiticiúil.

8. Leis an oideachas digiteach, ba cheart dea-bhail foghlaimeoirí, múinteoirí, oiliúnóirí agus oideoirí, chomh maith le tuismitheoirí agus cúramóirí, a chur san áireamh freisin, mar shampla maidir le timpeallachtaí sábháilte foghlama. Ba cheart dó freisin rannchuidiú le rochtain níos éasca ar fhaisnéis a éascú do gach saoránach agus le rannpháirtíocht ghníomhach chultúrtha, eacnamaíoch agus shóisialta i sochaithe eolais na hEorpa a chur chun cinn.

9. Ba cheart don oideachas digiteach rannchuidiú le feasacht ar an tsaoránacht, lena n-áirítear an tsaoránacht dhigiteach[7] a fhorbairt trí inniúlachtaí saoránachta a chothú. Áirítear orthu sin cur chuige criticiúil i leith faisnéise, a chuireann ar chumas na saoránach a mbealach a dhéanamh i ndomhan digiteach agus tuiscint a fhorbairt ar bhunluachanna an daonlathais agus na saoirse tuairimí a nochtadh.

10. Ba cheart a thabhairt de chumhacht do gach Eorpach páirt ghníomhach a ghlacadh i gclaochlú digiteach na sochaí agus tairbhe a bhaint as timpeallachtaí foghlama atá oiriúnach, inrochtana agus sábháilte. Ní mór ceart an duine ar oideachas agus oiliúint chuimsitheach agus ar fhoghlaim chuimsitheach ar feadh an tsaoil, agus iad uile ar ardcháilíocht, mar a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta é agus a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a ráthú i gcónaí.

11. Chun an deighilt dhigiteach inscne i réimsí a bhaineann le TFC agus ETIM a dhúnadh, tá cur chuige atá inscne-íogair i ngach cineál agus ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna ríthábhachtach.

**7** Sraith luachanna, scileanna, dearcthaí, eolais agus tuisceana criticiúla is ea an tsaoránacht dhigiteach atá ag teastáil ó shaoránaigh sa ré dhigiteach. Tuigeann an saoránach digiteach conas teicneolaíochtaí a úsáid agus tá sé nó sí in ann dul i ngleic leo ar bhealach cumasach, dearfach.

12. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht go mbeadh rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna cuimsithí ardcháilíochta a bhfuil tacaíocht dhigiteach ag gabháil leo. D'ainneoin ról ríthábhachtach na bhformáidí foghlama agus teagaisc aghaidh ar aghaidh agus na dtairbhí a bhaineann leo, réamhriachtanas is ea rochtain a bheith ar oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta trí bhíthin teicneolaíochtaí oideachais dhigitigh d'inmharthanacht shochaithe eolais na hEorpa amach anseo agus do chóras nuálaíochta Eorpach lena gcumasófar an claochlú glas digiteach, lena gcothófar fás, poist agus deiseanna inbhuanaithe agus lena gcuirfear forbairt phearsanta chun cinn.

13. Is ar chultúr luachanna coiteanna, comhroinnt, athnuachan agus oscailteacht do chineálacha nua malartaithe chomh maith le rannpháirtíocht agus comhar idir saoránaigh, institiúidí oideachais agus oiliúna, an earnáil phríobháideach agus córais náisiúnta oideachais atá Eoraip láidir bunaithe. Is feiceálaí pobail ar líne[8] a chomhroinneann cleachtais (ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais) agus tiocfaidh méadú orthu sa todhchaí.

AGUS Í EOLACH AR AN MÉID SEO A LEANAS:

14. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as ábhar teagaisc agus as eagrú na gcóras oideachais.

15. Cuirtear an t-oideachas digiteach chun feidhme go pointe áirithe i gcineálacha éagsúla agus ar leibhéil éagsúla oideachais agus oiliúna laistigh de na Ballstáit agus ar fud an Aontais. Bíonn éagsúlacht le sonrú maidir leis an taithí a fhaightear ar theicneolaíochtaí oideachais dhigitigh ar fud an Aontais agus braitheann sin go mór ar chreataí beartais agus rialachais, ar bhonneagar agus ar shaoráidí teicniúla agus ar acmhainní airgeadais agus daonna. Áirítear orthu sin go háirithe múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus baill eile foirne oideolaíochta agus riaracháin eile atá dea-ullmhaithe, lena n-áirítear ceannairí institiúidí i réimse an oideachais agus na hoiliúna.

---

**8** Is minic a bhíonn múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus baill eile foirne oideolaíochta rannpháirteach i ríomhthairsí agus i bpobail ar líne éagsúla, mar shampla ríomhardáin Eorpacha amhail EPALE, Tairseach Oideachais Scoile, eTwinning etc. Féadfaidh siad a bheith rannpháirteach freisin i ríomhphobail idirnáisiúnta níos leithne, e.g. trí eagraíochtaí idirnáisiúnta agus cuideachtaí ilnáisiúnta.

16. Spreag paindéim COVID-19 mearfhreagairt éigeandála. Dhún na Ballstáit an chuid is mó dá n-ionaid oideachais agus oiliúna agus chuir siad iallach ar institiúidí leanúint de theagasc, d'oiliúint, d'fhoghlaim agus de mheasúnú a chur ar fáil trí bhíthin cuir chuige chianda go príomha.

17. Leis na bearta a ghlac na Ballstáit agus a n-institiúidí oideachais agus oiliúna de réir na n-imthosca náisiúnta, tarraingíodh aird ar a thábhachtaí atá sé an t-oideachas digiteach a thuiscint, cuireadh dlús le hacmhainneachtaí digiteacha na gcóras oideachais agus oiliúna agus cuireadh deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus baill eile foirne oideolaíochta.

18. Mar sin féin, in ainneoin na n-iarrachtaí móra a rinneadh sna Ballstáit uile, léirigh na freagairtí éigeandála ar chuir chuige chianda a éascú go raibh dúshláin agus laigí coiteanna i measc na gcóras oideachais agus oiliúna ar fud an Aontais:

    a) Le linn phaindéim COVID-19, ba mhinic go mba léir nárbh fhéidir le roinnt foghlaimeoirí, cé go raibh éagsúlachtaí ina líon i measc na mBallstát, a gceart chun oideachais agus oiliúna a fheidhmiú go hiomlán de bharr rochtain fhisiciúil nó theicneolaíoch chuí[9] a bheith in easnamh.

    b) Is dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo paindéim COVID-19 agus léirigh sé go raibh géarghá le hinniúlachtaí digiteacha a sholáthar do chách ar bhealach níos fearr chun rochtain chomhionann ar an oideachas agus ar an oiliúint a áirithiú do gach duine aonair agus do gach saoránach, go háirithe sna cásanna sin ina soláthraítear an t-oideachas agus an oiliúint go cianda. Bhí dúshláin ar leith roimh fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

    c) Cé gur tháinig borradh ar an aistriú go dtí an t-oideachas digiteach le linn phaindéim COVID-19, is féidir le forbairt agus úsáid foirmeacha nua scaipthe eolais, nuair nach ngabhann feasacht agus intinn leo, a bheith ina macasamhail ar fhoirmeacha traidisiúnta teagaisc agus foghlama.

9 EURYDICE (2020). Tionchar COVID-19: dúnadh córas oideachais san Eoraip.

d) Ghabh dúshláin le COVID-19 maidir le leanúnachas na ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna trasnáisiúnta. Tá baint aige sin leis an oideachas agus leis an oiliúint trasteorann chomh maith le soghluaisteacht Erasmus+, go háirithe maidir le soghluaisteacht mac léinn agus ball foirne i réimse an ardoideachais agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET).

e) Toisc gur dúnadh institiúidí oideachais agus oiliúna mar thoradh ar COVID-19 tá athrú tagtha ar ról múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus ball eile foirne oideolaíochta arbh éigean dóibh teacht ar bhealaí nua chun teagmháil a choimeád le foghlaimeoirí agus chun tacú leo a gcuid oibre a dhéanamh go neamhspleách, bíodh sin i dtimpeallachtaí foghlama comhoibríocha nó ar bhealach eile. Is léir ón méid sin go bhfuil gá leis an gcomhoibriú, le fothú acmhainneachta, le hoiliúint ghairmiúil shonrach le haghaidh teagasc digiteach chomh maith le bearta cúnaimh i measc múinteoirí, oiliúnóirí agus líonraí oideachais múinteoirí agus i measc institiúidí oideachais agus oiliúna chomh maith.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

19. Tá an deighilt dhigiteach laistigh de na Ballstáit agus ar fud an Aontais ina dúshlán fós toisc go bhféadfadh an deighilt sin neamhionannais shóisialta agus inscne atá ann cheana a threisiú, lena n-áirítear neamhionannais shoch-eacnamaíocha agus inscne.

20. Ní mór cosaint sonraí agus ceannasacht dhigiteach na mBallstát agus a saoránach a áirithiú i gcomhthéacs na dteicneolaíochtaí oideachais dhigitigh, gan beann ar phráinn na staide. Thairis sin, i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar chruthú agus ar scaipeadh ábhair dhigitigh oideachais, ní mór na prionsabail dlí agus eiticiúla atá mar bhonn taca don mhaoin intleachtúil a aithint.

21. Le cineálacha nua aistrithe eolais agus suíomhanna foghlama nua, an comhchruthú san áireamh, cuirtear nasc níos leithne idir an t-oideachas agus oiliúint fhoirmiúil agus an fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil chun cinn. Le malartú dea-chleachtas ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais, cuirtear deiseanna ar fáil chun dlús a chur le comhtháthú theicneolaíochtaí an oideachais dhigitigh i ngach cineál foghlama agus chun ardcháilíocht agus cuimsitheacht a chothú sa teagasc agus san fhoghlaim.

22. Cuirtear deiseanna nua ar fáil maidir leis an bhfoghlaim agus maidir leis an oideachas de bharr teicneolaíochtaí oideachais dhigitigh agus is gné thábhachtach iad chun oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta a áirithiú. Is féidir leis na teicneolaíochtaí seo an t-idirghníomhú díreach i bhfoirm teagasc agus oiliúint aghaidh ar aghaidh a chomhlánú chomh maith le dea-chleachtais neamhdhigiteacha agus meáin don teagasc agus don fhoghlaim, a leanann de bheith tábhachtach agus nach féidir formáidí fíorúla a chur ina n-ionad go fóill.

23. Ní mór timpeallachtaí foghlama sábháilte agus cuir chuige oideolaíocha a bheith ag gabháil leis an teicneolaíocht chun go gcothófar an ardcháilíocht agus an chuimsitheacht san oideachas. Tá ról ríthábhachtach ag cuideachtaí teicneolaíochta, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, maidir le teicneolaíochtaí oideachais dhigitigh atá nuálach agus inrochtana a fhorbairt agus, ar an gcaoi sin, cothaítear an t-oideachas digiteach agus claochlú digiteach gheilleagair na hEorpa araon. Tá dálaí atá fabhrach don nuálaíocht agus deiseanna cistiúcháin iomchuí ríthábhachtach chun go dtiocfaidh rath ar na cuideachtaí sin.

24. Ní mór béim a leagan ar a thábhachtaí atá coincheapa oideolaíochta, uirlisí agus modhanna teagaisc agus foghlama san oideachas digiteach. Is féidir cur le forbairt coincheap nuálach san oideachas agus san oiliúint tríd an taighde ar oideachas agus féadfar tuiscint níos leithne a éascú ar thionchar an chlaochlaithe dhigitigh ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc agus ar chórais oideachais agus oiliúna**.**

25. Ba cheart meascán ábhartha de phríomhinniúlachtaí gaolmhara a bheith ag gabháil le soláthar inniúlachtaí digiteacha i ngach cineál agus ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna i gcónaí, lena n-áirítear scileanna saoil, agus ba cheart tacú leis sin le bonneagar, trealamh agus teicneolaíocht úrscothach atá inrochtana. I gcás cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna go háirithe, lena n-áirítear cláir um uas-sciliú agus athsciliú, tá gá le meascán iomchuí de scileanna agus d'inniúlachtaí digiteacha, ceirde agus teicneolaíocha, lena bhféadfar cur le hinfhostaitheacht.

26. Braitheann córas nuálaíochta Eorpach inbhuanaithe atá iomaíoch go hidirnáisiúnta ar chórais oideachais agus oiliúna cuimsithí ardcháilíochta. Braitheann sé ar chóras taighde den scoth freisin, agus is é is fearr go mbeadh dlúthnasc idir an córas sin agus oideachas agus oiliúint. Dá bhrí sin, beidh breisluach ann san oideachas agus san oiliúint, e.g. i réimsí amhail ceapadh beartas nó cur i bhfeidhm oideolaíoch, ach torthaí ón taighde agus ón nuálaíocht, e.g. ón taighde oideachais, a aistriú go luath, agus réitigh nuálacha oideachais dhigitigh a chomhchruthú agus a thástáil.

Á THABHAIRT DÁ hAIRE:

27. Go bhfuil Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 athnuaite foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach lena ndéanfar an t-oideachas agus an oiliúint a athshocrú don ré dhigiteach[10], plean ar cheart obair leantach a dhéanamh air i bpróiseas comhchruthaitheach leis na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí agus inarb ábhartha.

28. Le príomhchuspóirí an phlean chun éiceachóras ardfheidhmíochta oideachais dhigitigh a chothú agus chun scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fheabhsú le haghaidh an athraithe dhigitigh, is féidir cur le cur chuige níos straitéisí maidir leis an oideachas digiteach ar leibhéal an Aontais.

29. Le héiceachóras ardfheidhmíochta oideachais dhigitigh[11], ba cheart go ndéanfaí oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta a chumasú trí bhonneagar ábhartha, nascacht, pleanáil acmhainneachtaí digiteacha agus trí chumais eagraíochtúla lena bhféadfar rochtain níos solúbtha ar an oideachas agus ar an oiliúint a éascú do gach duine i ngach áit. Is é an bonn é chun an t-oideachas digiteach a chur chun feidhme go rathúil agus is réamhriachtanas é le haghaidh chlaochlú struchtúrach na gcóras oideachais agus oiliúna.

---

10 COM(2020) 624 final.

11 Chun críoch na gconclúidí seo, is féidir a thuiscint gurb éard atá in éiceachórais oideachais dhigitigh an timpeallacht agus na dálaí is gá chun oideachas digiteach cuimsitheach ardcháilíochta a ráthú. Baineann sé go príomha le hábhar ardcháilíochta, uirlisí soláimhsithe, seirbhísí breisluacha agus ardáin shlána.

30. Tá gá le hinniúlachtaí digiteacha agus cineálacha cur chuige oideolaíocha leordhóthanacha do mhúinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus baill eile foirne oideolaíochta agus d'fhoghlaimeoirí de gach aois i ngach cineál agus ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna chun úsáid fhiúntach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha san oideachas. Ba cheart soláthar na n-inniúlachtaí digiteacha a bheith aois-íogair agus inscne-íogair agus ba cheart litearthacht sna meáin, an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht sonraí, smaointeoireacht chriticiúil agus comhrac na mífhaisnéise agus na bréagfhaisnéise, caint fhuafar agus dhíobhálach, agus an chibearbhulaíocht agus an andúil a chumhdach leis, agus ba cheart go dtabharfadh sé aghaidh ar shaincheisteanna slándála amhail cosaint an phríobháideachais, cosaint sonraí agus cearta maoine intleachtúla.

31. Ba cheart foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chothú mar bhealaí tábhachtacha chun an leibhéal inniúlachta digití is gá a chur ar fáil do dhaoine de gach aois atá lasmuigh den chóras oideachais fhoirmiúil, chun tacú lena bhforbairt ghairmiúil agus phearsanta, agus maidir le tosca amhail caidrimh shóisialta agus sláinte coirp agus meabhrach, mar aon le dea-bhail dhigiteach. I ndáil leis an méid sin, is tábhachtach iad timpeallachtaí digiteacha mar aon le cultúr ina mbaintear úsáid fhiúntach agus eiticiúil as uirlisí digiteacha. Tá deiseanna foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla digití ábhartha go háirithe don aos óg, ach tá siad ábhartha freisin do dhaoine scothaosta, dream a bhí thíos go mór le hiarmhairtí phaindéim COVID-19.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH I gCOMHRÉIR LEIS NA hIMTHOSCA NÁISIÚNTA:

32. Neadú teicneolaíochtaí oideachais dhigitigh agus sealbhú inniúlachtaí digiteacha a chur chun cinn chun feabhas a chur ar an teagasc, ar an oiliúint agus ar an bhfoghlaim i ngach cineál agus ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna agus i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil.

33. Measúnú ar thorthaí foghlama na mbealaí nuálacha foghlama, lena n-áirítear comhchodanna digiteacha, a spreagadh mar aon le dearbhú cáilíochta a dhéanamh orthu agus iad a bhailíochtú**.**

34. Féachaint ar shamhlacha oideolaíocha agus ar oideachas agus oiliúint múinteoirí, oiliúnóirí agus oideoirí agus ball eile foirne oideolaíochta chun leas níos fearr a bhaint as na deiseanna éagsúla a ghabhann le teicneolaíochtaí oideachais dhigitigh.

35. A chur ar a gcumas do mhúinteoirí, oiliúnóirí agus oideoirí agus baill eile foirne oideolaíochta, amhail oiliúnóirí múinteoirí, tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach chun a scileanna agus a n-inniúlachtaí digiteacha féin agus a n-eolas bunúsach ar TFC a fhorbairt agus a fheabhsú go dtí leibhéal a chuirfidh ar a gcumas oibriú go muiníneach le teicneolaíochtaí oideachais dhigitigh agus oideachas agus oiliúint ar ardcháilíocht a chur ar fáil. Ar an gcaoi sin, ba cheart iad a chumhachtú chun bheith rannpháirteach agus modhanna teagaisc agus oiliúna nuálacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus eolaíocht teagaisc fheidhmeach á gcruthú lena gcuirfí smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach chun cinn agus chun timpeallachtaí agus ábhair foghlama atá ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus sábháilte a chruthú. Is príomhfhachtóir é múinteoirí dea-oilte ar féidir leo teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ar bhealach oideolaíoch fiúntach aois-íogair agus inscne-íogair maidir le hoideachas digiteach cuimsitheach ardcháilíochta a bhunú do chách.

36. Cuimsiú na bhfoghlaimeoirí uile a chothú, neamhionannais shóisialta agus an deighilt dhigiteach a dhúnadh, chomh maith le rochtain chothrom ar dheiseanna agus timpeallachtaí foghlama digití oiriúnacha a chur ar fáil do chách.

37. Infheistíochtaí san oideachas digiteach a bhreithniú trí dheiseanna na Saoráide nua Téarnaimh agus Athléimneachta a thapú, go háirithe na tionscnaimh shuaitheanta um Nascadh agus Athsciliú agus Uas-sciliú, chun cur le téarnamh trí oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta a nuachóiriú agus a neartú. Úsáid deiseanna cistiúcháin eile de chuid an Aontais a bhreithniú freisin, amhail Erasmus+, Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach, Saoráid um Chónascadh na hEorpa II, InvestEU, CFRE agus CSE+.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, I GCOMHRÉIR LEIS NA CONARTHAÍ AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AIRD AR CHOIMHDEACHT AGUS AR IMTHOSCA NÁISIÚNTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

38. Cur chuige comhordaithe maidir leis an oideachas digiteach a áirithiú laistigh den Choimisiún agus próiseas machnaimh straitéiseach a sheoladh in éineacht leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir le gnéithe cumasúcháin an oideachais dhigitigh rathúil lena n-áirítear nascacht agus oideolaíocht dhigiteach, bonneagar, trealamh digiteach, scileanna digiteacha múinteoirí agus mac léinn, idir-inoibritheacht agus caighdeáin sonraí, agus ceannasacht theicneolaíoch, príobháideachas, cosaint sonraí agus eitic á gcur san áireamh, agus oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta a bheith mar aidhm acu ag an am céanna. Thairis sin, sa phróiseas sin, obair leantach a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus bunaithe ar fhianaise, ar na Conclúidí ón gComhairle maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas, agus é mar aidhm go dtiocfar ar chomhthuiscint ar leibhéal an Aontais faoi na cineálacha cur chuige le haghaidh próisis chianfhoghlama atá éifeachtach, cuimsitheach agus tarraingteach.

39. Féachaint ar bhealaí chun cur chuige níos comhtháite a chothú maidir le beartas oideachais dhigitigh a fhorbairt, trí bhunú féideartha Moil Eorpaigh um Oideachas Digiteach, ag tógáil ar na líonraí atá ann cheana agus gníomhaíochtaí ábhartha eile, chun go bhféadfar freagairt ar bhealach níos fearr ar luas an chlaochlaithe dhigitigh, i gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus i sineirge agus comhlántacht le beartais ábhartha eile.

40. Tacú le forbairt an oideachais dhigitigh san Eoraip agus a ról a shonrú tríd an gClár Oibre Scileanna don Eoraip, an Limistéar Eorpach Oideachais agus an creat straitéiseach nua le haghaidh comhar Eorpach a ghabhfaidh ionad ET2020.

41. Faisnéis a sholáthar maidir le modhanna oideachais dhigitigh a fhorbairt agus dea-chleachtais a chomhroinnt, go háirithe tríd an bpiarfhoghlaim idir na Ballstáit, mar aon le faisnéis maidir le comhar idirnáisiúnta agus tagarmharcáil, e.g. le Comhairle na hEorpa, UNESCO agus ECFE.

42. Tacú leis na Ballstáit sa chlaochlú digiteach leanúnach san oideachas agus san oiliúint, go háirithe trí chomhoibriú trasearnála idir tionscnaimh agus straitéisí náisiúnta éagsúla san oideachas digiteach agus, ina theannta sin, údaráis, saineolaithe, taighdeoirí oideachais, soláthraithe oideachais agus oiliúna, an tsochaí shibhialta (ceardchumainn múinteoirí, cumainn foghlaimeoirí agus tuismitheoirí) agus an earnáil phríobháideach a thabhairt le chéile.

43. Oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha chun leas a bhaint as na héiceachórais oideachais dhigitigh náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana féin agus, san am céanna, a aithint gur gá ábhar oideachais, ardáin, seirbhísí agus uirlisí a bheith mar chuid d'éiceachóras ardfheidhmíochta oideachais dhigitigh agus nach mór iad a bheith dírithe ar an bhfoghlaimeoir, iontaofa, sábháilte, fónta ó thaobh na hoideolaíochta de, inrochtana agus, i gcás inarb ábhartha, ilteangach, agus forbartha ar bhealach oscailte agus ar ardcháilíocht. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar ghnéithe eiticiúla, lena n-áirítear san intleacht shaorga, agus cosaint sonraí pearsanta foghlaimeoirí agus úsáideoirí a chothú agus malartú idirnáisiúnta slán a ráthú, trí idir-inoibritheacht i gcomhréir leis na rialacháin Eorpacha maidir le cosaint sonraí.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR AN gCOIMHDEACHT, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

44. Úsáid éifeachtúil a bhaint as an ngné dhigiteach de Erasmus+ agus**,** i gcás inarb iomchuí**,** as sineirgí le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, chun tacú le pleananna claochlaithe dhigitigh institiúidí oideachais agus oiliúna. Tuilleadh tacaíochta a thabhairt trí thionscadail Erasmus+ d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí mar aon le forbairt scileanna, inniúlachtaí agus acmhainneachtaí digiteacha, cur chun feidhme éifeachtach modhanna agus uirlisí digiteacha san oideachas agus san oiliúint mar aon le hacmhainní oscailte oideachais a fhorbairt ar fud na réimsí oideachais agus oiliúna uile d'fhonn foghlaim ar feadh an tsaoil a éascú. Féachaint ar an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ag Erasmus+ le rochtain níos fearr ar ábhar an oideachais dhigitigh agus le cuimsiú sóisialta níos fearr agus chun rath oideachasúil na bhfoghlaimeoirí uile a chothú.

45. Féachaint an bhféadfaí sineirgí a neartú idir na cláir, na tionscnaimh agus na tionscadail éagsúla Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha chun tacú leis an gcuimsiú sóisialta; scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí, oiliúnóirí agus oideoirí, go háirithe do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na daoine is díothaí; forbairt modhanna agus uirlisí nuálacha foghlama agus teagaisc a neartú, agus an deis a thabhairt do gach foghlaimeoir tairbhe a bhaint as oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta.

46. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha trí Erasmus+ agus Fís Eorpach, mar aon leis na hionaid barr feabhais gairme, agus leas a bhaint as a bpoitéinseal chun an t-oideachas digiteach a fhorbairt; scaipeadh, saothrú agus inscálaitheacht thorthaí ábhartha thionscadail Erasmus+ a chur chun cinn chun lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí oideachais araon a chur ar an eolas.

47. Féachaint an bhféadfaí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun réimse níos leithne deiseanna soghluaisteachta cumaisc agus fíorúla a chur ar fáil chomh maith le deiseanna foghlama solúbtha breise a chur ar fáil san oideachas agus san oiliúint; tacú le comhroinnt dea-chleachtas chun foghlaim agus teagasc a fheabhsú, seirbhísí tacaíochta agus próisis riaracháin dhigiteacha a chur chun cinn, e.g. iad siúd a forbraíodh i gcomhthéacs thionscnamh na gCártaí Mic Léinn Eorpacha nó Europass.

48. Sineirgí a fheabhsú a thuilleadh agus a uasmhéadú idir uirlisí féinmheasúnaithe (e.g. SELFIE, HEInnovate), creataí (an Creat Inniúlachta Digití Eorpach), imeachtaí rannpháirtíochta agus gníomhaíochtaí cur chun cinn (e.g. an Haiceatón Oideachais Dhigitigh, Seachtain Chóid an Aontais Eorpaigh), agus ardáin atá ann cheana féin (e.g. eTwinning, an Tairseach Oideachais Scoile agus an ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE)); leanúint de bheith ag obair le chéile trí líonraí amhail an Chomhghuaillíocht Scileanna Digiteacha agus Post agus leanúint de bheith ag tacú leis an líonra um Maoin Intleachtúil san Oideachas arna bhainistiú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

49. Úsáid a bhaint as taighde, lena n-áirítear torthaí na dtionscadal Eorpach a chistítear faoi Erasmus+ agus faoi Fís Eorpach agus faoin gClár don Eoraip Dhigiteach chun sineirgí a neartú idir an Limistéar Eorpach Oideachais agus an Limistéar Eorpach Taighde agus uaillmhianta an oideachais dhigitigh á saothrú chun tacú le taighde agus leas a bhaint as chun réitigh nuálacha oideolaíocha a thiomáint agus bonn eolais a chur faoi fhoirmiú, cur chun feidhme agus meastóireacht beartais.

50. Úsáid a bhaint as torthaí na bhfoilseachán agus na staidéar ábhartha ar an oideachas digiteach ó na Ballstáit agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, UNESCO agus Comhairle na hEorpa.

CÚLRA POLAITIÚIL

1. *Council Recommendation of 20 December 2012 on the validation of non-formal and informal learning* [Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla]
2. *Council conclusions on investing in education and training – a response to "Rethinking Education: Investing in skills for better socio-economic outcomes" and the "2013 Annual Growth Survey"*[12] [Conclúidí ón gComhairle maidir le hinfheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san oiliúint – freagra ar "Athmhachnamh ar an Oideachas: Infheistiú i scileanna le haghaidh torthaí socheacnamaíocha níos fearr" agus "Suirbhé Bliantúil Fáis 2013"]
3. *Council conclusions on the role of early childhood education and primary education in fostering creativity, innovation and digital competence*[13] [Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an oideachais luath-óige agus na bunscolaíochta i gcothú na cruthaitheachta, na nuálaíochta agus na hinniúlachta digití]
4. Conclúidí ón gComhairle maidir le hObair Dhigiteach don Óige[14]
5. *2015 Joint Report of the Council and the Commission on the implementation of the strategic framework for European cooperation in education and training (ET 2020) – New priorities for European cooperation in education and training*[15] [Tuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) – Tosaíochtaí nua le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint]
6. Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint[16]
7. *Council Resolution on a New Skills Agenda for an Inclusive and Competitive Europe*[17] [Rún ón gComhairle maidir le Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip ar mhaithe le Mór-Roinn Chuimsitheach Iomaíoch]
8. *Conclusions of the Council and of the Representatives of the Governments of the Member States meeting within the Council, on Inclusion in Diversity to achieve a High Quality Education For All*[18] [Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cuimsiú san éagsúlacht d'fhonn oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách]

---

[12] IO C 64, 5.3.2013, lch. 5.
[13] IO C 172, 27.5.2015, lch. 17.
[14] IO C 414, 10.12.2019, lch. 2.
[15] IO C 417, 15.12.2015, lch. 25.
[16] IO C 212, 14.6.2016, lch. 5.
[17] IO C 467, 15.12.2016, lch. 1.
[18] IO C 62, 25.2.2017, lch. 3.

9. *Council Recommendation of 22 May 2017 on the European Qualifications Framework for lifelong learning and repealing the recommendation of the European Parliament and of the Council of 23 April 2008 on the establishment of the European Qualifications Framework for lifelong learning*[19] [Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil agus lena n-aisghairtear an Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le Creat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil a bhunú]

10. Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht (7 Nollaig 2017)

11. Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt scoile agus teagasc den scoth[20]

12. *Council conclusions on a renewed EU agenda for higher education*[21] [Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas]

13. *Council Recommendation of 22 May 2018 on key competences for lifelong learning*[22] [Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le heochair-inniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil]

14. *Council Recommendation of 22 May 2018 on a comprehensive approach to the teaching and learning of languages*[23] [Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le cur chuige cuimsitheach i leith múineadh agus foghlaim teangacha]

15. Council Recommendation of 19 December 2016 on Upskilling Pathways: New Opportunities for Adults [Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uas-scilithe: Deiseanna nua do dhaoine fásta][24]; agus Conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le cur chun feidhme an mholta[25]

16. Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais[26]

17. Conclúidí ón gComhairle an 9 Aibreán 2019, 'I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe, faoi 2030'[27]

18. Conclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2019 maidir le hEoraip ard-digiteach don tréimhse ó 2020 amach: "Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach"[28]

---

[19] IO C 189, 15.6.2017, lch. 15.
[20] IO C 421, 8.12.2017, lch. 2.
[21] IO C 429, 14.12.2017, lch. 3.
[22] IO C 189, 4.6.2018, lch. 1.
[23] IO C 189, 5.6.2019, lch. 15.
[24] IO C 484, 24.12.2016, lch. 1.
[25] IO C 189, 5.6.2019, lch. 23.
[26] IO C 195, 7.6.2018, lch. 7.
[27] 8286/19.

19. *Council Resolution on further developing the European Education Area to support future-oriented education and training systems*[29] [Rún ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le córais oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an todhchaí]

20. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról lárnach atá ag beartais foghlama ar feadh an tsaoil chun sochaithe a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú teicneolaíoch glas lena dtacófar leis an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe[30]

21. *Council Resolution on education and training in the European Semester: ensuring informed debates on reforms and investments*[31] [Rún ón gComhairle maidir le hoideachas agus oiliúint sa Seimeastar Eorpach: díospóireachtaí eolasacha ar athchóirithe agus infheistíochtaí a áirithiú]

22. Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí na hEorpa amach anseo[32]

23. Conclúidí ón gComhairle maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas agus san oiliúint[33]

24. Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1-2 Deireadh Fómhair 2020[34]

25. Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú[35]

26. *Council Conclusions on Reskilling and upskilling as a basis for increasing sustainability and employability, in the context of supporting economic recovery and social cohesion* [Conclúidí ón gComhairle maidir le hathsciliú agus uas-sciliú mar bhonn chun an inbhuanaitheacht agus an infhostaitheacht a mhéadú, i gcomhthéacs tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú sóisialta] – conclúidí ón gComhairle (8 Meitheamh 2020)

---

28 10102/19
29 IO C 389, 18.11.2019, lch. 1.
30 IO C 389, 18.11.2019, lch. 12.
31 IO C 64, 27.2.2020, lch. 1.
32 IO C 193, 9.6.2020, lch. 11.
33 IO C 212 I, 26.6.2020, lch. 9.
34 EUCO 13/20.
35 IO C 202 I, 16.6.2020, lch. 1.